



2019/2187(INI)

23.7.2020

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách
(2019/2187(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Kim Van Sparrentak

CONTENTS

	Page
TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	10
IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTEIR IONCHUR.....	14

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách (2019/2187(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagal 3(3) de, agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagail 9, 14, 148, 151, 153 agus 160 de agus Prótocal 26 a ghabhann leis maidir le seirbhísí leasa ghinearálta,
- ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Teideal IV (Dlúthpháirtíocht) di,
- ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas,
- ag féachaint do na breithnithe deiridh ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas ó Mhí Mheán Fómhair 2015 maidir leis an tuarascáil tosaigh ón Aontas Eorpach chuig an gCoiste i Mí an Mheithimh 2014,
- ag féachaint do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a ghlac ceannairí an domhain i mí Mheán Fómhair 2015 agus a d'fhorhuinigh an Chomhairle, lenar cuireadh in iúl a tiomantas dá gcur chun feidhme, agus go háirithe SDG 11 maidir le cathracha agus pobail inbhuanaithe lena n-iarrtar spriocanna sonracha do 2030 chun rochtain a áirithiú do chách ar thithíocht agus ar sheirbhísí bunúsacha a bheidh leormhaith, sábháilte agus inacmhainne agus chun slumaí a uasghrádú agus chun feabhas a chur ar an uirbiú cuimsitheach agus inbhuanaithe agus ar an deis atá ann pleanáil agus bainistiú rannpháirteach, comhtháite agus inbhuanaithe a dhéanamh ar lonnaíocht an duine i ngach tír,
- ag féachaint do Chairt na Ginéive de chuid na Náisiún Aontaithe um Thithíocht Inbhuanaithe agus don aidhm atá léi ‘a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar thithíocht atá cuibhiúil, leormhaith, inacmhainne agus sláintiúil’¹,
- ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d’fhógair an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i mí na Samhna 2017, agus go háirithe prionsabail 19, ‘Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean’, agus 20, ‘Rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha’,
- ag féachaint do Chairt Shóisialta na hEorpa arna hathbheithniú, agus go háirithe d’Airteagal 30 maidir leis an gceart cosaint a fháil ar an mbochtaineacht agus eisiámh sóisialta, d’Airteagal 31 maidir leis an gceart chun tithíochta, agus d’Airteagal 16 maidir le ceart an teaghlaigh chun cosanta sóisialta, dlíthiúla agus eacnamaíocha,
- ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta 2018 na Comhpháirtíochta maidir le Clár Oibre

¹ https://www.unece.org/fileadmin/DAM/hlm/charter/Language_versions/ENG_Geneva_UN_Charter.pdf

Uirbeach AE don Tithíocht 2018,²,

- ag féachaint don tuarascáil ón Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le hInfheistíocht sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip³,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ó 2017, ‘I dTreo Clár Oibre Eorpach le haghaidh Tithíochta’⁴,
- ag féachaint don ráiteas ó Eurocities ó 2016 maidir le státchabhair agus seirbhísí poiblí áitiúla⁵,
- ag féachaint don ráiteas deiridh ón 19ú cruinniú neamhfhoirmiúil d’airí tithíochta AE a tionóladh an 9 agus an 10 Nollaig 2013⁶,
- ag féachaint do rún 2014 ó mhéaraí chathracha móra na hEorpa maidir leis an gceart chun tithíochta,⁷,
- ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 26 Aibreán 2017 dar teideal ‘Breithniú ar Mholadh 2013 maidir le “hInfheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh”’ (SWD(2017)0258),
- ag féachaint do Phacáiste Infheistíochta Sóisialta 2013 ón gCoimisiún,
- ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2013 maidir le ‘hInfheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh’ (2013/112/AE),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2011 dar teideal ‘Creat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach suas go dtí 2020’ (COM(2011)0173) agus do na tuarascálacha cur chun feidhme agus meastóireachta ina dhiaidh sin,
- ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 10 Iúil 2020 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirilnte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát⁸,
- ag féachaint dá rún an 10 Deireadh Fómhair 2019 maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an limistéir euro⁹,
- ag féachaint dá rún an 13 Márta 2019 maidir leis an ‘Seimeastar Eorpach um chomhordú na mbeartas eacnamaíoch: Gnéithe Fostaíochta agus Sóisialta de Shuirbhé

2

https://ec.europa.eu/futurium/en/system/files/ged/final_action_plan_euaa_housing_partnership_december_2018_1.pdf

³ Tuarascáil ón Tascfhórsa Ardleibhéil maidir le hInfheistíocht sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip: ‘Borradh a chur faoin Infheistíocht sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip’ le Lieve Fransen, Gino del Bufalo agus Edoardo Reviglio (mí Eanáir 2018).

⁴ <https://dmsearch.cor.europa.eu/search/opinion>

5

http://nws.eurocities.eu/MediaShell/media/EUROCITIES%20statement%20on%20state%20aid%20and%20local%20public%20%20services_16%2001%202016%20final.pdf

⁶ <http://www.iut.nu/wp-content/uploads/2017/07/Housing-Ministers%C2%B4-Communiqu%C3%A9.pdf>

⁷ <https://www.eesc.europa.eu/resources/docs/resolution-for-social-housing-in-europe.pdf>

⁸ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0194.

⁹ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0033.

Bliantúil Fáis 2019¹⁰,

- ag féachaint dá rún an 30 Samhain 2017 maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise Eorpaí um Míchumas¹¹,
 - ag féachaint dá rún an 16 Samhain 2017 maidir le neamhionannais a chomhrac mar mhodh éifeachtach chun borradh a chur faoi chruthú post agus faoin bhfás¹²,
 - ag féachaint dá rún an 24 Deireadh Fómhair 2017 maidir le beartais ioncaim íosta a úsáid mar uirlis chun an bhochtaineacht a chomhrac¹³,
 - ag féachaint dá rún an 7 Iúil 2016 maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD), go háirithe na Breithnithe Deiridh ó Choiste UNCRPD¹⁴,
 - ag féachaint dá rún an 5 Iúil 2016 maidir le ‘Dídeanaithe: cuimsiú sóisialta agus lánpháirtiú sa mhargadh saothair’¹⁵,
 - ag féachaint dá rún an 26 Bealtaine 2016 maidir leis an mbochtaineacht: gné na hinscne¹⁶,
 - ag féachaint dá rún an 14 Aibreán 2016 maidir le sprioc na frithbhochtaineachta a bhaint amach i bhfianaise an mhéadaithe ar chostais teaghlaigh¹⁷,
 - ag féachaint dá rún an 24 Samhain 2015 maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus aird ar leith á díriú ar an mbochtaineacht i measc leanaí¹⁸,
 - ag féachaint dá rún an 24 Samhain 2015 maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus pobail imeallaithe¹⁹,
 - ag féachaint dá rún an 11 Meitheamh 2013 maidir le tithíocht shóisialta san Aontas Eorpach²⁰,
 - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0000/2020),
- A. de bhrí gur ceart bunúsach í an rochtain ar thithíocht nach mór a mheas mar réamhchoinníoll chun cearta bunúsacha eile a fheidhmiú agus chun rochtain a fháil ar na

¹⁰ Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0202.

¹¹ IO C 356, 4.10.2018, lch. 110.

¹² IO C 356, 4.10.2018, lch. 89.

¹³ IO C 346, 27.9.2018, lch. 156.

¹⁴ IO C 101, 16.3.2018, lch. 138.

¹⁵ IO C 101, 16.3.2018, lch. 2.

¹⁶ IO C 76, 28.2.2018, lch. 93.

¹⁷ IO C 58, 15.2.2018, lch. 192.

¹⁸ IO C 366, 21.10.2017, lch. 19.

¹⁹ IO C 366, 21.10.2017, lch. 31.

²⁰ IO C 65, 19.2.2016, lch. 40.

cearta sin agus chun go mbeidh saol lán dínite ag an duine;

- B. de bhrí go bhfuil na teorainneacha inacmhainneachta ag dul i méid i measc daoine atá ina gcónaí in AE sna haicmí ísealioncaim nó meánioncaim, mar aon leis an ró-ualach costais tithíochta agus an tithíocht atá neamhshláintiúil, ar chaighdeán íseal, neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de nó plódaithe, nó go bhfuil níos mó acu gan dídean nó i mbaol díshealbhaithe;
- C. de bhrí gur ghéaraigh géarchéim COVID-19 an neamhdheimhneacht tithíochta, an rófhéichiúnas, agus an baol díshealbhaithe agus easpa dídine;
- D. de bhrí go dtugann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta aghaidh i bPrionsabal 19 de ar na saincheisteanna maidir le cúnaimh tithíochta agus easpa dídine;
- E. de bhrí go bhfuil ganntanas tithíochta sóisialta, inacmhainne agus inrochtana ann;
- F. de bhrí go mbíonn tionchar diúltach ag dálaí tithíochta neamhleora ní hamháin ar shláinte, ar fholláine agus ar chaighdeán maireachtála na ndaoine ach ar an rochtain atá acu ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí eacnamaíocha agus sóisialta eile freisin;
- G. de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach agus é ag féachaint leis sin a dhéanamh trína chuid beartas agus gníomhaíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme;

Tithíocht leormhaith agus shláintiúil atá tíosach ar fhuinneamh a bhaint amach

1. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rochtain a áirithiú do chách ar thithíocht chuibhiúil, lena n-áirítear uisce óil glan agus ar ardchaighdeán agus sláinteocht agus sláinteachas atá leormhaith agus cothrom, agus ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa agus inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an mbochtaineacht de gach cineál a dhíothú; ag athdhearbhú a glao ar ghníomhaíocht ar fud AE i ndáil le moratóir díscortha teasa sa gheimhreadh; á iarraidh ar na Ballstáit na caighdeáin maidir le teocht leormhaith tithíochta a leag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) síos a chomhlíonadh; á éileamh go ndéanfaí an t-athbhreithniú ar an rialachán maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú le caighdeáin EDS;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do laghduithe ar astaíochtaí trí athchóiriú tithíochta san earnáil tithíochta sóisialta agus i gcás na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla sa Rabharta Athchóirithe, agus, ag an am céanna, dul i ngleic le tithíocht agus rochtain tithíochta neamhleor agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh chun a áirithiú go mbeidh aistriú atá cóir go sóisialta chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de ann agus nach bhféadfar aon duine ar lár; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur cheart tionóntaí agus úinéirí-áititheoirí a chur ar an eolas go hiomlán agus iad a bheith páirteach i dtionscadail athchóirithe agus nár cheart go bhfeicfidís méadú ar na costais fhoriomlána mar gheall orthu;
3. á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt don Rabharta Athchóirithe laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus de Next Generation EU (Ionstraim Théarnaimh AE), rud a dhéanfaidh daoine atá i staideanna leochaileacha a chur i gcoilár na mbeartas téarnaimh, agus rochtain chomhionann ar thionscadail athchóirithe a áirithiú do chách; á

iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt don athchóiriú ina gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun cuidiú le hathchóiriú domhain 3 % ar stoc foirgneamh na hEorpa in aghaidh na bliana a bhaint amach;

An easpa dídine agus an t-idirdhealú a chomhrac

4. á iarraidh go mbeadh sprioc ann ar leibhéal an Aontais deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht níos láidre a ghlacadh chun tacú leis na Ballstáit an easpa dídine a laghdú agus a dhíothú mar thosaíocht i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún creat de chuid AE a mholadh le haghaidh straitéisí náisiúnta um easpa dídine; á iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do sholáthar buan tithíochta do dhaoine gan dídean; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ag baint le bailiú iontaofa sonraí maidir le heaspa dídine;
5. ag athdhearbhú a glao go gcuirfí deireadh le coiriúlú na ndaoine gan dídean;
6. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcoinneofar na bearta eisceachtúla chun easpa dídine a chosc agus chun daoine gan dídean a chosaint i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 a fhad is gá agus go gcuirfear réitigh leormhaithe agus bhuana ina n-ionad ina dhiaidh sin;
7. á iarraidh go mbeadh straitéis frithbhochtaineachta chuimsitheach agus chomhtháite ann lena ngabhann sprioc ainmnithe chun an bhochtaineacht a laghdú, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí; á iarraidh go mbeadh creat Eorpach ann do scéimeanna ioncaim íosta;
8. á iarraidh ar na Ballstáit rochtain chomhionann ar thithíocht a áirithiú do chách agus an neamh-idirdhealú a chosaint ar gach foras a leagtar síos in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an Chairt agus an Treoir maidir le Comhionannas Ciníochá chun feidhme; á iarraidh ar an gComhairle an treoir chothrománach frith-idirdhealaithe a ghlacadh go pras; á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur le nósanna imeachta um shárú i gcoinne na mBallstát nach bhforfheidhmíonn reachtaíocht frith-idirdhealaithe AE nó a dhéanann na daoine gan dídean a choiriúlú;
9. ag tabhairt dá haire gur ábhar mór imní fósiad dálaí maireachtála na Romach; á iarraidh ar na Ballstáit an dídheighilt spásúil a chur chun cinn agus tairbhíthe na Romach a tharraingt isteach i dtionscadaíl tithíochta, díshealbhuithe éigeantacha a chosc agus láithreáin stad a sholáthar do na Romaigh aistreacha; ag leagan béim ar an ngá práinneach atá le hinfheistíocht phoiblí ina leith sin;

Cur chuige comhtháite maidir le tithíocht shóisialta, phoiblí agus inacmhainne ar leibhéal AE

10. á mheabhrú di go mbíonn tionchar an-mhór ag beartais, cláir mhaoiniúcháin agus ionstraimí maoinithe AE ar mhargaí tithíochta agus ar shaol na saoránach; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chomhtháite a fhorbairt le haghaidh tithíocht shóisialta, phoiblí agus inacmhainne ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go gcuirfear tithíocht ar ardchaighdeán ar fáil do chách atá sábháilte, inrochtana agus inacmhainne;

11. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh an inacmhainneacht tithíochta san áireamh sa Seimeastar Eorpach; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go rannchuideoidh gach moladh a bhaineann go sonrach le tír faoi leith go dearfach le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á chur i bhfáth gur gá táscaire an Innéacs Praghsanna Tí a bheachtú agus an tairseach tagartha a shocrú le haghaidh ráta ró-ualaigh na gcostas tithíochta ag méid nach airde ná 25 % d'ioncam indiúscartha teaghlaigh;
12. ag tathant ar an gCoimisiún sonraí níos cruinne faoi mhargaí tithíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear ar leibhéal fonáisiúnta, trí Eurostat (Staidreamh Eorpach maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC));

Slándáil tionachta agus margáí cuimsitheacha tithíochta a chinntiú

13. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla forálacha dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun tionóntaí agus úinéirí-áititheoirí a chosaint ar dhíshealbhú agus chun slándáil tionachta a áirithiú trí thaobhú le conarthaí fadtéarmacha cíosa mar rogha réamhshocráithe, mar aon le bearta trédhearcachta cíosa agus bearta rialaithe cíosa;
14. á iarraidh ar na Ballstáit beartais tithíochta a shaothrú atá bunaithe ar phrionsabal na neodrachtachta idir úinéireacht bhaile, cóiríocht phríobháideach ar cíos agus tithíocht shóisialta ar cíos; á iarraidh ar an gCoimisiún an prionsabal sin a urramú sa Seimeastar Eorpach;
15. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar airgeadrú an mhargaidh tithíochta, go háirithe i gcathracha, trína gcaitheann infheisteoirí leis an tithíocht mar shócmhainn intrádála seachas mar cheart de chuid an duine; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn beartais agus rialacháin AE le hairgeadrú an mhargaidh tithíochta agus ar chumas na n-údarás náisiúnta agus áitiúil an ceart chun tithíochta a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha a chur ar aghaidh chun cur i gcoinne airgeadrú an mhargaidh tithíochta faoi lár na bliana 2021; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla bearta cánachais a chur i bhfeidhm chun an infheistíocht amhantrach a chomhrac, agus beartais pleanála uirbí agus tuaithe a fhorbairt chun an tithíocht inacmhainne, an meascán sóisialta agus an comhtháthú sóisialta a chothú;
16. á chur i bhfíor go bhfuil an fás forleathan atá tagtha ar chíos gearrthearma saoire ag baint tithíocht ón margadh agus ag méadú praghsanna, agus go bhfuil tionchar diúltach aige ar an gcáilíocht mhaireachtála; á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála a bhunú maidir le cóiríocht ghearrthéarmach a fháil ar cíos, creat a thabharfaidh lánrogha leathan d'údarás náisiúnta agus áitiúla rialacha comhréireacha a shainiú le haghaidh seirbhísí fáilteachais; ag tathant ar an gCoimisiún togra a chur san áireamh sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha le haghaidh oibleagáidí éigeantacha comhroinnte faisnéise d'ardáin i margadh cíosa na cóiríochta gearrthearmaí, i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí;

Infheistíocht a dhéanamh sa tithíocht shóisialta, phoiblí agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh

17. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an bhearna infheistíochta le haghaidh tithíocht inacmhainne a dhúnadh mar ábhar tosaíochta; á iarraidh, i ndáil leis an méid

sin, go ndéanfaí an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a athchóiriú lena gceadófaí spás fioscach méadaithe d'infheistíochtaí poiblí inbhuanaithe, go háirithe sa tithíocht inacmhainne; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh cuntasáíocht chomhchuibhithe ann le haghaidh modheolaíocht amúchta maidir le hinfeistíochtaí tithíochta inacmhainne;

18. ag tathant ar an gCoimisiún sainmhíniú an spriocghrúpa ar thithíocht shóisialta agus ar thithíocht atá maoinithe go poiblí a chur in oiriúint sna rialacha maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ionas go mbeidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla in ann tacú le tithíocht do gach grúpa nach féidir freastal ar a riachtanais maidir le tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne laistigh de dhálaí an mhargaidh, agus, ag an am céanna, a chinntiú nach mbeidh maoiniú á cheilt ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chun an infheistíocht a dhíbhlocáil agus tithíocht inacmhainne a chinntiú, comharsanachtaí atá éagsúil go sóisialta a chruthú agus an comhtháthú sóisialta a fheabhsú;
19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit méadú a dhéanamh ar an infheistíocht a dhéantar san Aontas Eorpach i dtithíocht shóisialta inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh agus ó thaobh dul i ngleic leis an easpa dídine agus eisiamh tithíochta, trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir, InvestEU, CSE+, Fís Eorpach agus Next Generation EU, agus sineirgí níos mó a áirithiú idir na hionstraimí sin;
20. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Sular tháinig an phaindéim chun solais, ba léir go raibh easpa tithíochta leormhaithe agus inacmhainne san Eoraip. Tá go leor Eorpach ina gcónaí i spásanna atá mífholláin, lag ó thaobh fuinnimh de, plódaithe agus ar chaighdeán íseal; nó, níos measa, a bhfuil an díshealbhú nó easpa dídine ag bagairt orthu. Tá 80 milliún duine ann in AE a bhfuil ró-ualach orthu de bharr costais tithíochta agus chaith 10% de dhaonra na 28 mBallstát de AE 40% nó níos mó dá n-ioncam ar thithíocht, lena n-áirítear an ceathrú cuid díobh siúd a íocann cíosanna margaidh ón earnáil phríobháideach. Tá ró-ualach na gcostas tithíochta níos airde go mór i measc dhaonra AE atá i mbaol bochtaineachta agus i measc na dteaghlach ar ioncam íseal. Léiríonn Eurostat go raibh géardhíth tithíochta ar 4 % de dhaonra an Aontais in 2017¹. Tá an díothacht tithíochta i gcroílár na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus tá dlúthbhaint aici leis an dífhostaíocht.

Is feiniméan uirbeach í an ghéarchéim inacmhainneachta thar aon ní eile, agus tá a gcuid fadhbanna féin ag ceantair thuaithe maidir le tithíocht amhail an dídhaonrú. Is éagsúil an scéal a fheictear ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú san Eoraip agus tá réitigh tithíochta éagsúla ann ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Níl an tithíocht shóisialta, tithíocht phoiblí ná tithíocht chomhoibrítheach chomh forleathan céanna i mBallstáit an Deiscirt agus an Oirthir agus is lú a chinntítear an tslándáil tionachta trí bheartais agus rialacháin tithíochta. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an méid sin.

Ós rud é gurb é an clutharú cloch choirnéil an chomhraic i gcoinne COVID-19, tá sé níos soiléire fós gur cheart an ceart bunúsach chun cónaí i dteach inacmhainne, leormhaith agus sláintiúil a bhfuil rochtain aige ar sheirbhísí, ar shiopaí agus ar spás amuigh faoin aer a ráthú do gach duine. Aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta an ceart chun tithíochta sóisialta agus chun cúnaimh tithíochta dóibh siúd atá i ngátar, an ceart chun dídin agus seirbhísí leormhaithe a fháil do dhaoine gan dídean agus aithníonn sé an gá atá leis an gcosaint ar dhíshealbhú daoine leochaileacha. Ní mór na cearta atá cumhdaithe sa Cholún a fhíorú anois agus tá neart moltaí sa tuarascáil chun é sin a dhéanamh.

Tithíocht leormhaith agus shláintiúil atá tíosach ar fhuinneamh a bhaint amach

San Aontas Eorpach, tá 21,7 % den daonra ísealioncaim ina gcónaí i dteach ina bhfuil díon silteach, ballaí, urláir nó bunsraith atá tais, nó lobhadh i bhfrámaí fuinneoige nó san urlár. Tá na fadhbanna cáilíochta tithíochta níos forleithne i mBallstáit Lár agus Oirthear na hEorpa, áit nach bhfuil saoráidí sláintiúchá bunúsacha fiú ag thart ar 15 % de theaghlaigh ar ioncam íseal i dtíortha áirithe.² Meastar freisin go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh. Is gné lárnach d'aon straitéis frithbhochtaineachta é rochtain a áirithiú ar thithíocht shláintiúil agus leormhaith atá tíosach ar fhuinneamh. Ina theannta sin, i gcás gach €3 a infheistítear i ndálaí tithíochta a fheabhsú, shábhálfaí €2 arís in aon bhliain amháin.³

Sin é an fáth ar cheart don Rabharta Athchóirithe freastal ar sprioc thriarach ó thaobh dul i ngleic leis an éigeandáil aeráide, dálaí tithíochta a fheabhsú agus tús a chur leis an ngeilleagar agus, ag an am céanna, aistriú cóir a áirithiú nach bhfágann aon duine ar lár. Is féidir le hinfeistíocht san athchóiriú agus sa tithíocht inacmhainne a bheith ina cloch choirnéil

¹ Eurostat EU-SILC.

² Eurostat EU-SILC.

³ Eurofound (2016), Tithíocht neamhleor san Eoraip: Costais agus iarmhairtí, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

thábhachtach de chuid an téarnaimh eacnamaíoch ina gcuirtear an Comhaontú Glas ina chroílár. Idirghabháil fhrith-thimthriallach a bheadh ann a mbeadh cumas ollmhór aici poist a chruthú agus fuinneamh a spáráil. Ba cheart don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus Next Generation EU (Ionstraim Théarnaimh AE) tacú go láidir leis an Rabharta Athchóirithe agus ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt don athchóiriú ina gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Ba cheart go rannchuideodh an méid sin le hathchóiriú mór 3 % ar stoc foirgneamh na hEorpa a bhaint amach, in aghaidh na bliana.

An easpa dídine agus an t-idirdhealú a chomhrac

Tá méadú ag teacht ar an easpa dídine san Aontas Eorpach: Thuairiscigh 24 Bhallstát gur tháinig méadú ar an easpa dídine iontu le deich mbliana anuas⁴. Is í an Fhionlainn an t-aon Bhallstát inar tháinig laghdú ar an easpa dídine. Tá ar a laghad 700,000 duine ag codladh lasmuigh aon oíche ar leith san Aontas, 70 % níos mó ná deich mbliana ó shin⁵.

Léirigh géarchéim COVID-19 agus an dianghlasáil ina dhiaidh sin gur féidir linn foscadh agus cóiríocht a thabhairt do dhaoine gan dídean agus stop a chur le díshealbhú nuair a bhíonn an toil pholaitiúil ann. Ní mór bearta éigeandála arna nglacadh ag rialtais chun daoine gan dídean a chosaint i gcomhthéacs COVID-19 a choimeád chomh fada agus is gá agus caithfear réitigh bhuna leormhaithe a chur ina n-ionad.

Tá sainordú láidir tugtha ag Colún Eorpach na gCeart Sóisialta don Choimisiún Eorpach gníomhú agus leag an Coimisinéir Schmit béim roinnt uaireanta, lena n-áirítear i seisiún iomlánach Parlaimint na hEorpa, ar a thábhachtaí atá sé gníomhú in aghaidh na heaspa dídine. Is féidir leis an Aontas Eorpach gníomhú mar eiseamláir mhorálta agus, bunaithe ar a chuid luachanna, dearbhú, in éineacht leis na príomh-gheallsealbhóirí, go bhfuil sé mar sprioc aige deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach faoi 2030 agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú freisin leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe san Eoraip a bhaint amach.

Ní cúram dosháraithe é an comhrac i gcoinne na heaspa dídine. Ní mór do na Ballstáit straitéisí náisiúnta um easpa dídine a fhorbairt lena gcuirfear bearta coisctheacha agus frithghníomhacha le chéile agus lena gcuirfear béim lárnach ar sholáthar buan tithíochta do dhaoine gan dídean. Ní féidir glacadh le coiriúlú daoine gan dídean agus le cleachtais idirdhealaitheacha a úsáidtear chun iad a chosc ó rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta agus ar dhídean, rud atá le feiceáil i roinnt Ballstát. Níor cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar an méid sin agus ba cheart dó agóid a dhéanamh i gcoinne na mbeart sin.

Tá sé thar am cóir chomhionann agus neamh-idirdhealaithe a chinntiú do chách sa chuardach ar thithíocht inacmhainne. Is ceart bunúsach í an tithíocht do gach duine, ach níl rochtain chothrom ag gach duine uirthi faoi láthair. Tar éis bhás George Floyd, tharraing agóidí Black Lives Matter aird ar an idirdhealú ciníoch in AE freisin, agus tá fianaise láidir ann faoina fhorleithne atá sé sin i réimse na tithíochta. Cuireadh in iúl sa tuarascáil ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha dar teideal ‘Being Black in the EU’ gur bhraith duine as gach cúigear de bhunadh Afracach (21 %) go ndearnadh idirdhealú ciníoch ina gcoinne ó thaobh na rochtana ar thithíocht de agus go bhfuil cónaí ar dhuine as beirt fhreagróirí i dtithíocht phlódaite (45 %), i gcomparáid le 17 % den daonra i gcoitinne in AE-28.⁶

Ag an am céanna, is cúis mhór inní i gcónaí iad dálaí na Romach agus go leor acu ina gcónaí

⁴ Baptista, I agus Marlier, E (2019) Fighting homelessness and housing exclusion in Europe: A study of national policies, an Coimisiún Eorpach/Líonra Beartais Shóisialta na hEorpa.

⁵ FEANTSA (2019), Fourth Overview of Housing Exclusion in Europe.

⁶ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2018), An Dara Suirbhé ar Mhionlaigh agus ar Idirdealú san Aontas Eorpach, ‘Being Black in EU’, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

go minic i lonnaíochtaí deighilte faoi dhálaí maireachtála atá faoi bhun an chaighdeáin. Ní mór stop a chur leis an dishealbhú éigeantach agus leis an idirdheighilt spásúil. I dtimpeallacht pholaitiúil ina gcuirtear cearta daoine LADTI faoi chois, tá sé tábhachtach seasamh ar a son, i gcás na tithíochta freisin. De réir Shuirbhé II na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha maidir le LADTI, d'fhreagair 14 % de mhná lespiacha, 8 % de mhná déghnéasacha, 6 % d'fhir dhéghnéasacha, 10 % d'fhir aeracha, 20 % de dhaoine idirghnéasacha agus 21 % de dhaoine trasinscneacha gur thaithigh siad idirdhealú agus iad ag iarraidh tithíocht a fháil ar cíós nó a cheannach le 12 mhí anuas⁷. Feicimid freisin gurb ionann easpa tithíochta inacmhainne agus inrochtana agus go leor daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta a bheith ina “bpríosúnaigh” geall leis ina dtithe féin. Ciallaíonn sé freisin go mb'fhéidir go mbeadh orthu bogadh isteach in institiúidí agus nach féidir leo fanacht ina dtithe féin fiú más mian leo.

Tithíocht shóisialta, phoiblí agus inacmhainne: cur chuige comhtháite agus infheistíocht

Cé nach bhfuil sainordú díreach ag AE maidir leis an tithíocht, bíonn tionchar an-mhór ag beartais, cláir mhaoiniúcháin agus ionstraimí maoinithe AE ar mhargaí tithíochta. D'fhéachfadh straitéis chomhtháite de chuid AE ar thionchar na mbeartas Eorpach i réimsí éagsúla ar inacmhainneacht tithíochta ó pheirspictíochtaí éagsúla agus chinnteofaí leis an straitéis go gcruthófaí creat d'údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun soláthar tithíochta a shainiú agus a stiúradh agus infheistiú ann. Ba cheart inacmhainneacht tithíochta a chomhtháthú tuilleadh sa Seimeastar Eorpach, agus ilroinnt na margáí tithíochta náisiúnta agus éagsúlacht na dtionachtaí á gcur san áireamh.

Is ionann an bhearna infheistíochta i dtithíocht shóisialta agus €57 mbilliún in aghaidh na bliana; tá infheistíocht phoiblí san earnáil a d'fhéadfadh borradh a chur faoin soláthar ag titim⁸. Is minic a bhíonn rialtais ag díriú ar dhreasachtaí d'fhorbróirí príobháideacha agus tá méadú ag teacht ar an tacaíocht tithíochta do theaghlaigh ar ioncam íseal a thugtar i bhfoirm íocaíochtaí de chineál leasa shóisialaigh. Dá n-athrófaí rialacha AE maidir le státchabhair, chuirfeadh sé ar chumas réigiún agus údarás áitiúil níos mó infheistíochta a dhéanamh sa tithíocht shóisialta agus thabharfaí tacaíocht do gach grúpa nach féidir freastal ar a riachtanais tithíochta cuibhiúla agus inacmhainne faoi dhálaí an mhargaidh agus, ag an am céanna, chinnteofaí nach ndéantar maoiniú a cheilt ar na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Chuideodh sé sin le comharsanachtaí atá éagsúil go sóisialta a chruthú agus leis an gcomhtháthú sóisialta a fheabhsú.

Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann níos mó infheistíochta a dhéanamh sa tithíocht shóisialta, phoiblí agus inacmhainne faoi rialacha fíoscacha an Aontais. Ní mór an méid sin a léiriú san athchóiriú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis Eorpach. Ba cheart maoiniú a chur ar fáil freisin ar mhaithe le tithíocht shóisialta, inacmhainne, shláintiúil agus leormhaithe atá tíosach ar fhuinneamh agus chun dul i ngleic leis an easpa dídine agus leis an eisiámh tithíochta trí bhuiséad AE.

Slándáil tionachta agus margáí cuimsitheacha tithíochta a chinntiú

Aithníodh go forleathan nár cheart an téarnamh ó ghéarchéim Covid-19 a bheith ina fhilleadh ar ‘ghnó mar is gnách’. Ní mór dúinn a áirithiú nach bhfillfear ar an líon mór díshealbhuithe a chonaiceamar tar éis na Géarchéime Domhanda Airgeadais le deich mbliana anuas. Dá bhrí

⁷ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2020), Suirbhé AE maidir le LADTI II, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

⁸ Lieve Fransen, Gino del Bufalo agus Edoardo Reviglio (2018), Boosting Investment in Social Infrastructure in Europe. European Economy Discussion Paper 074, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

sin, ní mór cosaint níos fearr a thabhairt do thionóntaí agus d'iasachtaithe morgáiste ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Is minic a fheicimid anois go bhfuil na beartais tithíochta i bhfabhar na húinéireachta tí in ionad glacadh ar cíos ar bhealach míchothrom agus gur cheart é sin a athrú.

Ní mór dúinn a chinntiú nach dtiocfaidh ann don phatrún sin arís go mbeidh tuilleadh airgeadraithe ar an margadh tithíochta ann mar thoradh ar ghéarchéim eacnamaíoch. Tá méadú ag teacht ar an tuiscint gur meán le haghaidh carnadh rachmais seachas earra sóisialta atá sa tithíocht. Tugtar rabhadh sa tuarascáil 'Future of Cities' ón Airmheán Comhpháirteach Taighde go bhfuil na hinfheistíochtaí coigríche agus corparáideacha sa mhaoin uirbeach chónaitheach tar éis patrúin úinéireachta a athrú ó bhonn, rud a chothaíonn imní faoi chreatlach shóisialta cathrach agus faoi cé air a bhfuil an fhreagracht as cearta na saoránach maidir le tithíocht leormhaith agus inacmhainne.⁹ Ba cheart do na Ballstáit agus do chathracha an caidreamh atá acu le hinfheisteoirí príobháideacha, le hinstiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus le margaí airgeadais a athshainiú chun tithíocht a éileamh ar ais mar cheart de chuid an duine. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an bhfuil rialacháin AE maidir le hiomaíocht, saorghluaiseacht caipitil agus soláthar seirbhísí, i measc nithe eile, ag cur le hairgeadrú an mhargaidh tithíochta agus, más gá, athruithe reachtacha a mholadh chun é a chomhrac faoi lár na bliana 2021. Ina theannta sin, tá an trédhearcacht maidir le húinéireacht eastáit réadaigh agus idirbhearta ríthábhachtach chun saobhadh sa mhargadh tithíochta a chosc agus chun sciúradh airgid agus imghabháil cánach san earnáil sin a chosc.

Tá an fás forleathan ar chíos gearrthearma saoire i gcathracha agus i gcinn scribe turasóireachta a bhfuil tóir orthu ag baint tithíocht ón margadh agus ag méadú praghsanna, agus tá tionchar diúltach aige ar an gcáilíocht mhaireachtála; Is mian linn tuilleadh smachta a thabhairt do chathracha ar ardáin chóiríochta ghearrthearmacha agus a chinntiú go roinneann na hardáin sin faisnéis leis na cathracha, agus rialacha maidir le cosaint sonraí á n-urramú.

Tá an chaoi a n-eagraímid beartais tithíochta agus an margadh tithíochta ar cheann de na réimsí ina bhfuil cur chuige nua ag teastáil, rud a chuireann béim ar na daoine agus a gceart chun tithíochta leormhaithe agus inacmhainne os cionn loighic an mhargaidh. Tá an Rapóirtéir den tuairim gur féidir leis an tuarascáil seo rannchuidiú leis an gcur chuige nua sin a chur i bhfeidhm.

⁹ An tAirmheán Comhpháirteach Taighde (2019), The Future of Cities: opportunities, challenges and the way forward, Oifig na bhFoilseachán san Aontas Eorpach, Lucsamburg.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Tá an liosta seo a leanas tarraingthe suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an dréacht-tuarascáil á hullmhú:

Eurofound
Renovate Europe
European Citizens' Initiative on Affordable Housing For All
Build Europe
Housing Europe
European Housing Forum
FEANTSA
AEDES
International Union of Property Owners
International Union of Tenants
European Economic and Social Committee
L'union Sociale Pour L'Habitat
Municipality of Amsterdam
Architects Council of Europe
Leilani Farha UN Special Rapporteur on Adequate Housing
EUROCITIES
European Disability Forum
ARDI Intergroup
ILGA
Manuel Aalbers (Professor at KU Leuven)
European Commission (DG EMPL, DG GROW and DG ECFIN)
ERGO Network
Equinet Europe
Sjoerdje van Heerden (Researcher JRC European Commission)
Michaela Kauer (Urban Housing Partnership)
Habitat for Humanity
Community Land Trust Brussels
Javier Buron (City of Barcelona)
EU Urban Agenda Housing Partnership
Habitat for Humanity
Community Land Trust Brussels
Javier Buron (Housing Manager Barcelona City Council)